



CÚIRT
INIÚCHÓIRÍ
NA HEORPA

Cosaint Sonraí

Ceisteanna Coitianta

Tá sé mar aidhm ag an bhfaisnéis a leanas soiléiriú a dhéanamh ar na coincheapa a bhaineann le cosaint sonraí pearsanta agus cur i bhfeidhm prionsabal sonraí pearsanta. Is é an téacs atá ceangailteach ó thaobh dlí [Rialachán \(AE\) 2018/1725](#).

Cad is 'sonraí pearsanta' ann?

Ciallaíonn sonraí pearsanta aon fhaisnéis a bhaineann le duine nádúrtha beo sainaitheanta nó in-sainaitheanta ('an tÁbhar Sonraí').

Seo a leanas samplaí de shonraí pearsanta:

- sloinne, céadainm, pictiúr, uimhir foirne, dáta breithe, etc.
- iompar nó gníomhartha duine aonair: cuairt ar shuíomhanna gréasáin, meiteashonraí ndoiciméad faoi údar/mionathraitheoir an doiciméid, tascanna a rinneadh, oscailt dorais arna rialú ag seiceáil rochtana le clárú rochtana, ríomhphoist a sheoladh, etc.
- meastóireacht nó measúnú: doiciméadú a dhéanamh maidir le conas a dhéantar tasc (e.g. sármhaith, maith, meánach, olc, neamhleor), tuarascáil mheastóireachta, páipéir oibre iniúchta ina bhfuil measúnú ar dhuine nó ar fheidhm, etc.
- doiciméadú/tuarascáil: ráiteas finné in imscrúdú riaracháin, litir shéanta faoi chalaíoch fhéideartha, etc.

Is éard is duine in-sainaitheanta ann duine ar féidir a shainiú, go díreach nó go hindíreach, go háirithe trí thagairt d'aitheantóir amháin ainm, uimhir aitheantais, sonraí suímh, ID ar líne nó toisc amháin nó níos mó a bhaineann go sonrach lena n-aitheantas fisiceach, fiseolaíoch, géiniteach, meabhrach, eacnamaíoch, cultúrtha nó sóisialta.

Toirmiscear na nithe a leanas, faoi réir eisceachtaí áirithe (féach Airteagal 10 de Rialachán 2018/1725):

- próiseáil catagóirí speisialta sonraí, arna sainiú mar shonraí pearsanta a nochtann bunús ciníoch nó eitneach, tuairimí polaitiúla, creidimh reiligiúnacha nó fealsúnachta nó ballraíocht ceardchumainn; agus

- próiseáil sonraí géiniteacha, sonraí bithmhéadracha chun duine nádúrtha, nó chun sonraí a bhaineann le sláinte nó claonadh gnéasach an duine aonair a shainaithint go sainiúil.

Cad is próiseáil ann?

Is éard is próiseáil ann aon oibríocht nó sraith oibríochtaí a dhéantar ar shonraí pearsanta, cibé acu trí mhodhanna uathoibríthe nó nach ea, amhail bailiú, taifeadadh, eagrú, stóráil, comhairliúchán, úsáid, nochtadh trí tharchur, léirsciosadh, díothú sonraí, etc.

Cad is Próiseálaí ann?

Mura bpróiseálann Rialtóirí Sonraí sonraí pearsanta iad féin, déanann Próiseálaí iad a phróiseáil thar a gceann. Ní mór don Phróiseálaí ráthaíochtaí leordhóthanacha a sholáthar maidir leis na bearta slándála teicniúla agus eagraíochtúla is gá, agus a áirithiú go gcomhlíonfar na bearta sin. Féadfaidh an Próiseálaí a bheith ina dhuine nádúrtha nó dlítheanach, údarás poiblí, gníomhaireacht nó aon chomhlacht eile, ag gníomhú dó nó di ar threoracha - agus ar threoracha amháin - ón Rialtóir Sonraí. Beidh an Rialtóir Sonraí agus an Próiseálaí araon faoi cheangal ag Conradh nó gníomh dlíthiúil lena rialaítear próiseáil sonraí pearsanta.

Cad is próiseáil dleathach ann?

Luaitear in Airteagal 5 den Rialachán go gcaithfear próiseáil sonraí pearsanta a bheith riachtanach nó le toiliú. Ní féidir sonraí pearsanta a phróiseáil ach amháin sna cásanna a leanas:

- (a) tá an phróiseáil riachtanach chun tasc a dhéanamh ar mhaithe le leas an phobail ar bhonn reachtaíocht AE nó i bhfeidhmiú údaráis oifigiúil AE;
- (b) tá an phróiseáil riachtanach chun oibleagáid dhlíthiúil a bhfuil an Rialtóir Sonraí faoina réir a chomhlíonadh;
- (c) tá an phróiseáil riachtanach chun Conradh a chomhlíonadh a bhfuil an tÁbhar Sonraí ina pháirtí air, nó chun bearta a dhéanamh ar iarratas ón Ábhar Sonraí sula ndéantar Conradh;
- (d) thug an tÁbhar Sonraí toiliú gan athbhrí (rud a chiallaíonn go léirítear go sainráite agus go feasach na mianta atá ag an Ábhar Sonraí ag comhaontú le próiseáil a c(h)uid sonraí pearsanta);
- (e) tá an phróiseáil riachtanach chun leasanna ríthábhachtacha an Ábhair Sonraí a chosaint.

Tá an Rialtóir Sonraí freagrach as a chinntiú go bpróiseáiltear sonraí pearsanta go cóir agus go dleathach.

Cathain a bhfuil feidhm ag Rialachán 2018/1725 maidir le próiseáil Sonraí Pearsanta?

Tá feidhm ag Rialachán 2018/1725 i ngach cás ina ndéantar próiseáil ar shonraí pearsanta atá mar chuid de chóras comhdaithe, nó atá beartaithe mar chuid de chóras comhdaithe, i gcás

ina ndéantar sonraí pearsanta a phróiseáil go hiomlán nó go páirteach trí mheán uathoibríoch, nó go hiomlán nó go páirteach de láimh.

Is cuma cén áit a bhfuil an córas suite. D'fhéadfadh sé a bheith suite ar leibhéal na Cúirte, ach freisin ar leibhéal institiúideach, náisiúnta, réigiúnach, áitiúil nó fiú 'príobháideach' (i ngnólacht iniúchta).

Cad is cóir uathoibríoch ann?

Nuair a bhailítear, a ríomhtar, a scríostar, a chóipeáiltear etc. sonraí, gan idirghabháil ó dhuine. Mar shampla, comhaid loga bhalla dóiteáin ina bhfuil na suíomhanna gréasáin ar tugadh cuairt orthu agus a thaispeánann an dáta, an t-am, an chatagóir lena mbaineann an láithreán gréasáin, má ceadaíodh an chuairt nó murar ceadaíodh, agus le haghaidh tacaíocht fabhtcheartaithe, agus más amhlaidh go raibh an chuairt rathúil nó nach raibh.

Cad is córas comhdaithe ann?

Is é atá i gcóras comhdaithe aon tacar struchtúrtha sonraí ar féidir rochtain a fháil orthu de réir critéar sonracha, cibé acu láraithe, dílártaí nó scaipthe ar bhonn feidhmiúil nó geografach.

Mar shampla, comhad ina bhfuil na hiarrataí saoire go léir curtha in eagar de réir duine aonair nó eintitis.

Cé hé/hí an Rialtóir Sonraí agus an tÁbhar Sonraí?

Is ionann an Rialtóir Sonraí agus institiúid nó comhlacht AE, an tArd-Stiúrthóir, an tArd-Rúnaí, an Stiúrthóir, an Príomh-Bhainisteoir nó aon fheidhm eile a chinneann, ina (h)aonar nó i gcomhar le daoine eile, na cuspóirí agus na modhanna chun sonraí pearsanta a phróiseáil. Is iad na Comhaltaí, an tArd-Rúnaí, na Stiúrthóirí agus na Príomh-Bhainisteoirí Rialtóirí Sonraí na Cúirte.

I gcás gach oibríochta próiseála, ní mór Rialtóir Sonraí a shainiú agus ní mór réamhfhógra a thabhairt d'Oifigeach Cosanta Sonraí na hInstitiúide.

Is é an tÁbhar Sonraí an duine nádúrtha a mbailítear agus a bpróiseáiltear a(s)h)onraí pearsanta.

Cé hiad an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí agus na hOifigigh Cosanta Sonraí?

Is é an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí (MECS) (www.edps.europa.eu) an t-údarás maoirseachta neamhspleách ar leibhéal na hEorpa atá freagrach as a áirithiú go n-urramaíonn institiúidí agus comhlachtaí AE cearta bunúsacha agus saoirsí daoine nádúrtha, agus go háirithe a gceart chun príobháideachais. Tá siad freagrach freisin as faireachán agus as cur i bhfeidhm na reachtaíochta cosanta sonraí ag Institiúidí AE a áirithiú, agus as comhairle a thabhairt do na hInstitiúidí agus d'Ábhair Sonraí maidir le gach ábhar a bhaineann le próiseáil sonraí pearsanta. Ceapann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle iad ar feadh téarma cúig bliana, ó ghearrliosta arna dhréachtú ag an gCoimisiún.

Ceanglaítear ar Rialtóirí Sonraí comhoibriú le MECS, go háirithe trí rochtain a thabhairt ar fhaisnéis.

Tá Oifigeach Cosanta Sonraí (OCS) amháin nó níos mó ag gach institiúid chun a chinntiú ar bhealach neamhspleách go gcuirtear prionsabail na cosanta sonraí pearsanta i bhfeidhm san

institiúid. Coimeádann gach OCS clár de gach oibríocht próiseála sonraí pearsanta ina n-institiúid. Cuireann siad comhairle ar fáil freisin agus déanann siad moltaí maidir le cearta agus oibleagáidí. Tugann siad fógra faoi phróiseáil ‘rioscúil’ ar shonraí pearsanta chuig MECS (féach thíos) agus freagraíonn siad d'iarratais MECS.

Féadfaidh siad ábhair agus teagmhais a fhiosrú ar iarratas nó ar a dtionscnamh féin.

Cad iad na prionsabail maidir le cosaint sonraí?

Is iad na prionsabail chosanta sonraí a chinneann na bunrialacha nach mór do gach Rialtóir cloí leo agus iad a chur chun feidhme go praiticiúil agus sonraí pearsanta á bpróiseáil. Beidh an Rialtóir freagrach agus beidh sé/sí in ann “cuntasacht” comhlíonta a léiriú. Ba cheart go mbeadh aon duine a phróiseálann sonraí pearsanta ar an eolas faoi bhunphrionsabail áirithe, a éilíonn go mbainfeadh an méid a leanas leis na sonraí sin:

- o go ndéantar iad a phróiseáil go dleathach, go cóir agus ar bhealach trédhearcach maidir leis an Ábhar Sonraí (“dlíthiúlacht, cothroime agus trédhearcacht”);
- o go ndéantar iad a phróiseáil chun críocha sonraithe, sainráite agus dlisteanacha (“teorannú cuspóra”);
- o go bhfuil siad leordhóthanach, ábhartha agus teoranta don mhéid is gá maidir leis na cuspóirí a bhaineann lena bpróiseáil (“íoslaghdú sonraí”);
- o go bhfuil siad cruinn agus, nuair is gá, á gcoimeád cothrom le dáta (“cruinneas”);
- o nach gcoinnítear iad níos faide ná mar is gá (“teorainn stórála”);
- o go ndéantar iad a phróiseáil ar bhealach a chinntíonn slándáil chúí (“sláine agus rúndacht”);
- o nach n-aistrítear iad chuig tríú páirtithe gan réamhchúraimí leordhóthanacha;
- o go ndéantar iad a phróiseáil de réir chearta an Ábhair Sonraí.

Cad is Fógra ann (“TAIFEAD de ghníomhaíochtaí próiseála”)?

Is éard atá i bhFógra cumarsáid roimh ré ón Rialtóir le OCS na hinstiúide a chuireann in iúl dóibh aon ghníomhaíocht phróiseála (de lámh nó uathoibríoch) a bhaineann le sonraí pearsanta, ag tabhairt fógra go bhfuil an oibríocht próiseála ann agus faoi na príomhthréithe lena mbaineann. Líonann an Rialtóir “Taifead” a dhéanann an próiseas a dhoiciméadú, cé atá i gceist agus conas a dhéantar bailiú agus próiseáil, conas a ráthaítear cearta do na daoine lena mbaineann, measúnú riosca ar an bpróiseas, na bearta slándála a glacadh agus torthaí na meastóireachta ó OCS.

Cad é an Clár um Thaifid de ghníomhaíochtaí próiseála?

Faoi Airteagal 31 den Rialachán, tá sé d’oibleagáid ar gach Rialtóir taifead a choinneáil de na hoibríochtaí próiseála go léir a thagann faoina fhreagracht. Chun coimeád roinnt clár a sheachaint, tá OCS de chuid CIE freagrach as clár lárnach um thaifid de ghníomhaíochtaí próiseála a dhéanann CIE a choinneáil. Tá an Clár bunaithe ar na taifid a cuireadh faoi bhráid OCS agus tá rochtain ag an bpobal air ar shuíomh gréasáin agus Inlíon CIE faoin gceannteideal “Rochtana ar Clár” ar leathanaigh OCS.

Cé leis ar cheart dom dul i dteagmháil le haghaidh faisnéise ar oibríocht phróiseála ar leith?

Tá an t-eolas is fearr ag an Rialtóir ar imthosca na n-oibríochtaí próiseála a dhéantar faoina n-údarás. Dá bhrí sin, moltar duit teagmháil a dhéanamh ar dtús le Rialtóir na hoibríochta próiseála lena mbaineann, a bhfuil sé d'oibleagáid air/uirthi a chinntiú go bhféadfaidh Ábhair Sonraí a gcearta a fheidhmiú go héifeachtach agus ba cheart go soláthróidís duit an fhaisnéis riachtanach. Is féidir leat cúnamh a iarraidh ar OCS freisin agus iarraidh orthu ábhair nó tarluithe a bhaineann go díreach lena gcúraimí a imscrúdú (féach freisin “Reachtaíocht”).

Conas a saináithním an Rialtóir Sonraí?

De ghnáth is iad Rialtóirí Sonraí na Comhaltaí atá freagrach as iniúchadh, nó ceannairí an eintitis riaracháin a dhéanann an oibríocht phróiseála. Is é an Clár an bealach is éasca chun an Rialtóir a shaináithint, mar tá feidhm nó teideal an Rialtóira ann maidir le gach oibríocht phróiseála. Má tharlaíonn aon deacrachtaí, is féidir le OCS tú a chur i dteagmháil leis an Rialtóir cuí nó an fhaisnéis riachtanach a fháil.

Cad iad na cearta atá agam mar Ábhar Sonraí?

Ar an gcéad dul síos, tá sé de cheart ag Ábhair Sonraí a bheith ar an eolas faoi oibríocht phróiseála a bhaineann leo, agus a príomhthréithe. Tá sé de cheart ag Ábhair Sonraí freisin cumarsáid a fháil maidir leis na sonraí atá á bpróiseáil agus ceartú a fháil ón Rialtóir gan mhoill ar aon sonraí pearsanta míchruinne nó neamhiomlána.

In imthosca áirithe, is féidir le hÁbhair Sonraí cearta níos sainiúla a fheidhmiú, amhail iarraidh ar an Rialtóir sonraí a bhlocáil nó a scriosadh.

Féadtar cearta áirithe a shrianadh ar chúiseanna sonracha amhail calaois fhéideartha a chosc, a imscrúdú agus a bhrath. Tá na cearta is féidir a shrianadh teoranta freisin, mar shampla an ceart go gcuirfí in iúl duit gur osclaíodh imscrúdú i gcoinne duine amháin nó níos mó agus é mar chuspóir aige na doiciméid agus an fhaisnéis agus na sócmhainní eile a chaomhnú le húsáid mar chruthúnas le linn an imscrúdaithe. Tá liosta iomlán na gcúiseanna maidir le srianta agus na cearta is féidir a shrianadh liostaithe in Airteagal 25 den [Rialachán](#). Sonraítear i gCinneadh [42/2021](#) ón gCúirt cé acu cúis agus ceart a coinníodh i leith cé acu próisis.

Is féidir teagmháil a dhéanamh leis an Oifigeach Cosanta Sonraí le haghaidh aon cheisteanna breise maidir le próiseáil sonraí pearsanta ag CIE ar +352 4398 47777, trí ríomhphost ag

ECA-Data-Protection@eca.europa.eu nó ag an seoladh a leanas:

Cúirt Iniúchóirí na hEorpa
Oifigeach Cosanta Sonraí
12 rue Alcide de Gasperi
L-1615 Lucsamburg

Cad is “Ráiteas Príobháideachais” ann?

Is ráiteas faisnéise é a mhíníonn próiseáil sonraí pearsanta do na daoine óna mbaileofar sonraí pearsanta go díreach nó a bhfuair CIE iad (ar bhailigh CIE go hindíreach iad) le haghaidh tuilleadh próiseála, e.g. úsáideoirí láithreáin ghréasáin.

Cén fáth a bhfuil gá le "Ráiteas Príobháideachais"?

Is gá na daoine lena mbaineann a chur ar an eolas maidir le próiseáil a gcuid sonraí pearsanta agus a gcearta a bhaineann leis an bpróiseáil sin. I gcás suirbhé, fiú má tá sé á reáchtáil ar bhealach gan ainm (gan ach a seoladh ríomhphoist de ghnáth, le gur féidir cuireadh a thabhairt dóibh páirt a ghlacadh sa suirbhé), tá Ráiteas Príobháideachais ag teastáil chun rannpháirtithe an Rialtóra Sonraí/OCS/sonraí teagmhála MECS, tréimhse choinneála, áit a bhfuarthas a gcuid sonraí, etc.

Is iarrthóir rathúil mé i nós imeachta roghnúcháin. An bhfuil sé de cheart agam gan a bheith luaite sa phainéal atá ar fáil go poiblí?

Tá, díreach cuir ríomhphost chuig EPSO ag iarraidh orthu tú a bhaint den phainéal atá ar fáil go poiblí sula bhfoilseofar é.

Má eagraíonn CIE an nós imeachta roghnúcháin is féidir leat iarraidh ar an tSeirbhís Acmhainní Daonna gan d'ainm a fhoilsiú ar an liosta atá ar fáil go poiblí.

An bhfuil inneall cuardaigh ann atá áisiúil don phríobháideachas is féidir liom a úsáid?

Tá, tá roinnt acu ann, mar shampla Startpage.com, DuckDuckGo.com, Qwant.com, nó searX.me. Is féidir leat iad a bheith mar inneall cuardaigh réamhshocraithe do bhrabhsálaí nó iad a chur le do bharr 'Ceanán' le go mbeidh rochtain éasca orthu!